



Gaeilscoil Thaobh na Coille

Bord Bainistíochta 2015 - 2019

Cathaoirleach : Conor Mac Daid

Cisteoir : Sharon Ní Cheallaigh

Rúnaí : Emer Nic Chonchradha

Ionadaithe an Phatrúin

Conor Mac Daid & Oilibhéar Ó hAodha

Ionadaithe na dTuismitheoirí

Turlach Ó Meachair & Sharon Ní Cheallaigh

Ionadaithe ón bPobal

Máire Mac Gabhann & Ailín Ní Dhomhnaill

Príomhoide & Ionadaí Fóirne

Emer Nic Chonchradha & Rónán Mac Niallais

Tháinig athrú amháin ar an mBord Bainistíochta i rith na bliana seo thart. Sheas Lorcán Mac Gabhann síos mar ionadaí ón bPobal ar an mBord Bainistíochta ar chúiseanna pearsanta agus cheap an Bord Bainistíochta reatha Máire Mac Gabhann, iarthuismitheoir agus bunaitheoir de chuid na scoile ina áit. Gabhaimid buíochas leí as seasamh isteach sa bhfolúntas sin.

One change was made to the Board of Management during the year. Lorcán Mac Gabhann stepped down from his role as a representative from the community and Máire Mac Gabhann, a former parent and founding member of the school, was nominated by the Board members to take his place. We thank her for taking on this role.

Foireann Múinteoireachta Teaching Staff

Tá bliain fíor-ghnóthach eile curtha dinn againn. N'fheadar cá bhfuil an bhliain imithe chor ar bith? Buíochas leis an bhfoireann ar fad as an dian-obair a rinne siad i mbliana agus as an tacaíocht a thugadar dá chéile agus domsa.

What an extraordinarily busy year this has been. Once again I don't know where the year has gone - definitely a sign of getting older! Thanks to all the staff for their hard work and dedication throughout the year and for the continuous support they give each other and to me.

Buíochas ón mBord Bainistíochta

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta buíochas ó chroí a ghabháil leis na múinteoirí ar fad a d'oibrigh sa scoil i mbliana as an obair iontach a rinne siad sa scoil an bhliain seo thart 2017/2018. Is liosta le háireamh an méid atá déanta acu i rith na

bliana sa seomra ranga agus lasmuigh di agus tá an-chreidiúint ag dul dóibh as ucht a ndíogras, a ndúthracht agus a ndílseacht don scoil agus d'oidreachas ar bpáistí.

The Board of Management would like to take this opportunity to thank the teachers for all that they have done during this last school year 2017/2018. They have worked extremely hard both inside and outside the classroom and great credit is due to each and every one of them for their dedication, diligence and commitment to our school and to the education of our children.

Ceapachán Buan Permanent Appointment

Gabhaimid comhgháirdeachas leis an Múinteoir Brídín Ní Fhearraigh atá ag obair linn sa scoil le breis is bliain anuas ach atá anois ceapaithe ar fhoireann bhuan na scoile.

Congratulations to An Múinteoir Brídín Ní Fhearraigh who has been working in the school for the last year & a half on a temporary contract but is now a permanent member of staff.

Sos Gairme Career Break

Guímíd gach rath ar an Múinteoir Cormac Chambers & ar an Múinteoir Oisín Mac Muirís agus iad ag glacadh briseadh gairme bliana ón scoil. Guímíd gach rath orthu don bhliain amach rompu agus tá súil againn go mbeidh siad beirt ar ais arís linn don scoil bhliain 2019/2020. Beidh an Múinteoir Rícheal Ní Thiarnaigh ag filleadh ar an scoil i mí Mean Fómhair tar éis bliain an-ghnóthach a chaitheamh ag taisteal agus ag obair i gcampaí dídean sa Ghréig.

We wish An Múinteoir Cormac Chambers & an Múinteoir Oisín Mac Muirís all the best as they take a career break next year. We hope to see both of them return to us for the 2019/2020 school year. An Múinteoir Rícheal Ní Thiarnaigh will be returning to the school in September after spending a extremely busy year both traveling and working in refugee camps in Greece.

Ceapacháin do 2018/2019 Appointments

Beidh ceapacháin nua á dhéanamh againn ag tús an tSamhraidh leis na folúntais sealadach atá againn a líonadh (trí cinn). Tá súil againn gach rud a bheith in ord & in eagar faoi dheireadh mí Iúil.

We are in the process of appointing replacement staff for the coming year (3 temporary appointments). We hope to have everything in place by the end of July.

Ar lean thall →

Cúntóirí Riachtanais Speisialta SNA's

Go raibh maith agaibh Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn ár gCRS as a bheith chomh lách, cineálta leis na páistí sa scoil agus as tacú leis na múinteoirí sa seomra ranga agus sa chlós.

Go raibh maith agaibh Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn our two SNA's for always being kind, gentle and patient with the pupils and supporting the teachers in the classroom & in the yard.

Rúnaí Secretary

Buíochas mar is gnáth lenár rúnaí iontach Margaret Uí Ruairc as gach rud a choinneáil in ord agus in eagar in oifig na scoile. Buíochas freisin lenár rúnaí cunta Lúsaí Mhic Cnáimhsí a oibríonn agus a thacaíonn leí san oifig 3 lá in aghaidh na seachtaine. Bheimís caillte gan iad beirt.

Thanks as ever to our wonderful Rúnaí Margaret Uí Ruairc for keeping the office running so smoothly. Thanks also to Lúsaí Mhic Cnáimhsí who works along side her three days a week. We would be absolutely lost without them.

Airíoch Caretaker

Tá an t-ádh dearg linn go bhfuil Colm Mac Giolla Phódraig ag obair ar fhoireann na scoile mar Airíoch. Is an-fhear go deo é.

We are so lucky to have Colm Mac Giolla Phódraig as our school caretaker. There is very little that Colm cannot do and we are extremely lucky to have him.

Emer Aic Chanchadha

Comhghairdeachas

Gabhann Bord Bainistíochta na scoile comhghairdeachas mór le foireann iomána na scoile agus a dtraenálaíthe An Múinteoir Oisín Mac Muiris, an Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh & an Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh as Craobh Iomána Johnson Mooney & O'Brien a bhuaich i bPáirc an Chrócaigh le déanaí.



An Múinteoir Oisín Mac Muiris, Captaen Conall Ó Riain & An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

Coiste na dTuismitheoirí

Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí as ucht a dtacaíocht don scoil i rith na bliana. D'éagraigh siad imeachtaí shóisialta agus tiomsaithe airgid don scoil agus thacaigh siad leis an iliomad imeachtaí scoile a i rith na bliana. Bhronn an Coiste €15,000 a thiomsaigh siad i 2017 ar an scoil ag an gcruinniú chinn bhliana i mí Eanáir. Tá an t-airgead sin curtha i leath taobh againn i gciste sábhála don tionscnamh tógála síneadh seomra ranga sa bhreis a bheidh idir lámhe againn go luath.

Buíochas le Coiste na dtuismitheoirí for all their help and support again this year. The Coiste organised many social and fundraising activities throughout the year as well as helping out and supporting many other school events. At their AGM in January Coiste na dTuismitheoirí presented the Board with €15,000 they had fundraised during 2017. This money has been set aside in a savings account and will go towards the extra expenditure we will have when undertaking the building of our classroom extension.

Buíochas le Edel Uí Ógáin (Cathaoirleach) & Joe Ó Glacáin (Leas-Chathaoirleach) & baill uile an Choiste (coiste reatha & iar-choiste) as an obair ar fad a dhéanann siad go deonach ar son na scoile. Buíochas freisin leis na hionadaithe ranga a thugann tacaíocht agus cabhair dóibh. Déanann siad ar fad sár-obair ar son na scoile agus táimid an-bhuíoch dóibh.

Creidimid gur páirtneirí iad na tuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí agus ba mhaith linn sibh a spreagadh le bheith lánpháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.

Buíochas to Edel Uí Ógáin (Cathaoirleach) & Joe Ó Glacáin (Leas-Chathaoirleach) and all the Coiste members (past and present) for all the work they do for the school. Coiste na dTuistí do trojan work, for which we are extremely grateful. Thanks also to the class reps and all other parents who have helped then in one way or another throughout the year.

I measc na n-imeachtaí a d'éagraigh an Coiste i 2017/2018 bhí

- Oíche Shóisialta
- Féilire 2018
- Bronntanas Rúnda
- Díolachán Pancóga
- Cranchur Cásca
- Tráth na gCeist Boird
- Siúlóid Urraithe
- Bricfeasta Céad Chomaoineach/Cóineartú
- Tae/caifé d'óiche na dtusití nua & cuairt na naíonáin
- Lón & Dinnéar do dhaltaí Ysgol Gymraeg Morswyn
- Bailiúchán Éadaí le hAthchúrsáil
- Díolachán Éadaí/Faisean



Cúrsaí Tráchtá Traffic Concerns

Cuirimid fáilte roimh ár gcomharsana nua i mBunscoil Oideachas le Chéile na Céime a bhog isteach béal dorais linn i mBeallairmín i ndiaidh na Cásca. Cé go raibh an-fhaitíos orainn i dtaobh na tráchtá de tá an-áthas orainn a thuirisciú go bhfuil an trácht ag gluaiseacht go maith go dtí seo a bhuíochas libhse, na tuismitheoirí agus tuismitheoirí Oideachas le Chéile as bhúr gcomhoibriú agus a bhuíochas don dea-aimsir!

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí uile atá ag cloí leis na treoracha páirceála & atá ag fágáil Bóthar Ghleanntán Beallairmín saor ó pháirceáil. Buíochas freisin leis na tuismitheoirí atá ag páirceáil lasmuigh de Ghleanntán Beallairmín & atá ag siúl isteach go dtí an scoil leis na páistí. Ní dabht ar bith ach go bhfuil sé seo ag éascú cúrsaí tráchtá. Leanaigí oraibh leis na dea-chleachtas atá tosaithe aghabh i mbliana sa scoil bhliain nua.



We welcome our new neighbours in Educate Together Primary School who moved in next door to us shortly after Easter. As a Board we are extremely worried about the adverse effects this school's position would have on traffic access in and out of our own school but we are delighted to report that so far traffic is moving very well thanks to the co-operation and efforts of the parents of Gaelscoil Thaobh na Coille & Stepside ETNS and the wonderful fine weather of late!

We wish to thank all the parents who have adhered to our suggested parking restriction by leaving both sides of the road on Belarmine Vale free from parking. Thanks also to the parents who are parking outside of Belarmine Vale and walking into the school with their children. There is no doubt but that this goes a long way towards alleviating traffic congestion in the immediate vicinity of the school. Please continue this good practice into the next school year.

Saoire an tSamhraidh Summer Holidays

Aoine 29/06/18 @12:00 a chlog

Scoil Dúnta School Closed 02/07/18 go 30/08/18

Scoil ag Ath-oscailt School Re-opens

Aoine 31/08/2018



Éiteas Scoile School Ethos

Bunscoil chomhoideachais chaitliceach lán-Ghaeilge
í Gaelscoil Thaobh na Coille

*Gaelscoil Thaobh na Coille is a
co-educational catholic All-Irish school*

Gaeilge: Tá an Ghaeilge mar theanga lánach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc & mar mheán cumarsáide. Iarrann an Bord ar thuismitheoirí cuidiú linn tré Ghaeilge a labhairt i gcónaí sa chlós agus thart timpeall na scoile. Tá moladh speisialta toillte ag na tuistí a dhéanann tréan iarracht cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ar láthair na scoile. Maith sibh!

Cuirimid béim faoi leith sa scoil ar an gcultúr Gaelach agus spreagtar na páistí ina threo. Buíochas leis na múinteoirí a thugann faoin mBanna Ceoil Scoile a riaradh & a fhorbairt. Buíochas speisialta leis na múinteoirí a chuireann na cluichí Gaelach chun cinn (peil & iomáint) & buíochas freisin le Nuala Ní Eochaidh ár múinteoir rince Gaelach.

Gaeilge: *The Irish language is central not only to the learning process, as the language of instruction but also as the language of communication. We ask parents to speak Gaeilge at all times in the yard and around the school.*

In Gaelscoil Thaobh na Coille special emphasis is placed on all aspects of Irish Culture and we encourage pupils to partake in cultural activities. Buíochas to the múinteoirí who work and develop the Banna Ceoil Scoile. Buíochas to the múinteoirí who promote the Gaelic Games in the school (football & hurling) and buíochas also to our Irish Dancing teacher Nuala Ní Eochaidh.

Éiteas Chaitliceach: Múintear an creideamh Caitliceach agus cuirtear í ar fáil mar threoir mhórála sa scoil. Múintear an clár 'I nGrá Dé' i ngach rang. Ullmhaíodh na daltaí do na sacraimintí, An Chéad Fhaoistin, Céad Chomaoineach, Searmanas an tSolais agus an Cóineartú. Buíochas le múinteoirí ranga R2 & R6 Niamh Ní Dhúill & Colm Ó Coisdealbha agus Tomás Mac Uileagóid & Deirdre Uí Dhónaill as ucht a gcuid oibre anseo. Buíochas leis an tAthair Leon ó Giolláin as na sacraimintí agus aifrinn scoile a cheiliúradh dúinn. Buíochas freisin le foireann paróiste Áth an Ghainimh as an tacaíocht a thugann siad dúinn.


Catholic ethos: *We teach the Catholic religion and we use it as a source of moral guidance in the school. The Grow in Love programme is thought in every class. The pupils were prepared for the sacraments, Sacrament of Reconciliation, First Communion, Service of Light and confirmation. Buíochas to the múinteoirí R2 & R6 Niamh Ní Dhúill & Colm Ó Coisdealbha agus Tomás Mac Uileagóid & Deirdre Uí Dhónaill for their work in this regard. Buíochas mór to an tAthair Leon ó Giolláin for celebrating all the sacraments & the school masses for us. Buíochas to all the team in Sandyford Parish for their continued support.*

Fógra i ndáil le hAthbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an bPolasaí maidir le Caomhnú Leanaí


Notification regarding the Board of Management's review of the child protection policy

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille a chur in iúl: *The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Go ndearnadh athbhreithniú iomlán ar Pholasaí um Chaomhnú Leanaí na Scoile i mí Márta 2018 de réir an liosta seiceála a leagtar amach in Aguisín 2 le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne.
A complete review of the school's Child Protection Policy has been undertaken in March 2018 and updated in accordance with the checklist set out in the Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017
- Síniódh an 'Fógra i ndáil le hAthbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an bPolasaí maidir le caomhnú leanaí' ag an am sin 05/03/18.
The Notification regarding this review of the school's child protection policy was completed at the Board meeting of 05/03/2018

Síniú 
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta 18/06/2018

Síniú 
Príomhoide

Dáta 18/06/2018

Aguisín 5 - Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar an bPolasaí Frithbhulaíochta

Appendix 5 - Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy

Meitheamh 2018

Chug: Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille na nithe seo a leanas a chur in iúl duit:

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:

- Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoird ar an 18/06/2018

The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting of (see date above).

Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach i

"nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile".

This review was conducted in accordance with the checklist set out in "Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools".

Síniú 
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta 18/06/2018

Síniú 
Príomhoide

Dáta 18/06/2018

Saineolas ag Teastáil Expert Advise Wanted



Tá maoiniú ceadaithe ag an Roinn Oideachais & Scileanna le síneadh seomra ranga amháin a chur le foirgneamh Ghaelscoil Thaobh na Coille. Mar chliant beidh Bord Bainistíochta na Gaelscoile iomlán freagrach as an tionscnamh tógála seo a thabhairt chun críche. Tá an Bord ag tabhairt faoi chomhairleoir ailtireachta a cheapadh faoi láthair leis an síneadh seo a dhearadh agus a chur i gcrích.

Agus muid i mbun na hoibre seo beidh amannta ann go mbeidh cinní móra le déanamh. Dá bhrí sin tá cabhair á lorg againn ó aon tuismitheoir sa scoil a bhfuil saineolas aige/aici ar rialacha tógála/innealtóireachta, agus ar an bpróiseas soláthar poiblí, a bheadh sásta a saineolas sin a roinnt linn agus comhairle agus treoir a thabhairt má bhíonn an gá againn leis. Má tá an saineolas sin agat agus má tá tú sásta teacht i gcabhair orainn an gcuirfidh tú é sin in iúl dúinn tré theagmháil a dhéanamh linn ag conordmcdaid@hotmail.com nó príomhoide@taobhnacoille.ie

The Department of Education & Skills has approved funding for the purpose of constructing an additional classroom to the school in the form of an extension. The school Authority (Board of Management) will be the client for the project and ultimately responsible for the delivery of the project. The Board is in the process of appointing a consultant architect to design and deliver this development.

During the course of the project we anticipate that there will be times when informed decisions will be required by the school. Therefore, we are looking for the assistance of any parent in the school who is familiar and has expertise in relation to building/engineering regulations, and public procurement process in order to offer us guidance and advice where required. If you think you might be of assistance please let us know by contacting us via e-mail at conordmcdaid@hotmail.com nó príomhoide@taobhnacoille.ie